Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14533/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0152(BUD)

FIN 1081
SOC 711

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14103/23 (COM(2023) 470 final) |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg (EGF/2023/002 BE/Makro)<br>– *Formheas* |

1. An 12 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh, maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 15/2023[1]

2. Is é is aidhm don togra €2.83 milliún a shlógadh faoi CED chun freastal ar iarratas ón mBeilg chun an Ciste a imscaradh i ngeall ar iomarcaíochtaí oibrithe in Makro Cash &Carry an Bheilg NV, chun cúnamh a chur ar fáil chun na 421 thairbhí spriocdhírithe a athimeascadh sa mhargadh saothair, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/691[2].

[1] 14105/23.

[2] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Deireadh Fómhair 2023 agus bhí sé in ann é a fhormheas.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh, mar a leagtar amach in 14534/23 é, a fhormheas.